



**2023/0404(COD)**

22.3.2024

## TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuíg an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh (COM(2023)0716 – C9-0413/2023 – 2023/0404(COD))

Rapóirtéir don tuairim: João Albuquerque

PA\_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

An 15 Samhain 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 'Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú', lena dtugtar isteach creat rialála chun ardán uile-Aontais a chruthú arb é is aidhm dó earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus deiseanna a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil suim acu i ngairmeacha oibre ina bhfuil ganntanas ar fud an Aontais. Is Rialachán tábhachtach é seo chun bealaí rialta imirce a chur chun cinn agus chun straitéisí an Aontais a chomhlánú chun dul i ngleic le ganntanas scileanna san Aontas, agus tús áite á thabhairt do Bhliain Eorpach na Scileanna.

Beidh ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ina uirlis dheonach do na Ballstáit ar spéis leo é agus ní mór é a bheith ar fáil do chuardaitheoirí poist ar bheagán oiliúna, ar mheánoiliúint agus ardoilte i dtríú tíortha. Comhtháthóidh sé uirlisí sonracha chun an mheaitseáil idir chuardaitheoirí poist agus fostóirí a éascú.

Ar an iomlán, is geal leis an Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún Eorpach. Mar sin féin, i bhfianaise thábhacht an ábhair seo, tugann sé isteach leasuithe a bhfuil sé mar sprioc fhoriomlán acu aitheantas agus bailíochtú scileanna a fheabhsú, príobháideachas cuardaitheoirí poist a fheabhsú agus cothromaíocht inscne a chur chun cinn.

Go sonracha, leagann an Rapóirtéir béim ar an ngá atá le bearta lena gcosnaítear sonraí pearsanta le linn an phróisis, chun idirdhealú agus aon chineál frithbhirt a chosc, go háirithe i gcéim an chuardaigh agus na meaitseála. Ní mór feidhm a bheith ag prionsabal an neamh-idirdhealaithe bunaithe ar fhéiniúlacht, inscne, aois, náisiúntacht nó tír thionscnaimh.

Tugann sé isteach freisin tograí maidir le haitheantas agus bailíochtú scileanna ón bhfoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus cáilíochtaí amhail céimeanna, gairmoideachas, agus teastais eile amhail na 'micridhintiúir' mar a thugtar orthu. Leagann sé béim freisin ar an ngá atá le modúil oiliúna uas-scilithe agus athscilithe, agus luann sé gur cheart iad a bheith inrochtana do na cuardaitheoirí poist sin a chláraíonn nó a bhfuil sé ar intinn acu clárú don Linn Tallainne. Measann an Rapóirtéir freisin nach mór rochtain iomlán ar chosaint shóisialta agus ar chearta oibrithe a áirithiú do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha. Ba cheart béim láidir a leagan freisin ar straitéisí chun imirce daoine oilte ó thríú tíortha a sheachaint.

Thairis sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chothromaíocht inscne a chur chun cinn, go háirithe i ngairmeacha ETIM.

Ina theannta sin, molann an Rapóirtéir go ndéanfaí foráil do bhealaí do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus do dhaoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste chun a scileanna, a gcáilíochtaí agus a n-inspreagadh a ghíaráil, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar an nganntanas scileanna agus lucht saothair san Aontas.

Ar deireadh, is mian leis an Rapóirtéir béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé príobháideachas a chosaint agus urraim a thabhairt do Mholadh C(2023)7700 final ón gCoimisiún an 15 Samhain 2023 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí na náisiúnach tríú tír.

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Tá an tAontas agus na Ballstáit aonair ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais i raon leathan earnálacha agus gairmeacha beatha, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha maidir leis an aistriú glas agus maidir leis an aistriú digiteach. Na ganntanais fhairsinge san fhoirgníocht, sa chúram sláinte, san fháilteachas, san iompar, i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus i dteicneolaíocht na heolaíochta, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, is ganntanais sheanbhunaithe iad agus tá siad níos measa mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus dlús á chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Meastar go leanfar de na ganntanais saothair agus go bhféadfaidh siad dul in olcas i bhfianaise na ndúshlán déimeagrafach.

Leasú 2

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair, tá gá le cur chuige

*Leasú*

(1) Tá an tAontas agus na Ballstáit aonair ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais i raon leathan earnálacha agus gairmeacha beatha, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha maidir leis an aistriú glas agus maidir leis an aistriú digiteach. Na ganntanais fhairsinge san fhoirgníocht, sa chúram sláinte, san fháilteachas, san iompar, i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus i dteicneolaíocht na heolaíochta, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, **san oideachas agus sa talmhaíocht**, is ganntanais sheanbhunaithe iad agus tá siad níos measa mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus dlús á chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Meastar go leanfar de na ganntanais saothair agus go bhféadfaidh siad dul in olcas i bhfianaise na ndúshlán déimeagrafach.

*Leasú*

(2) Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais **lucht** saothair, tá gá le cur

cuimsitheach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear, mar thosaíocht, acmhainneacht iomlán na ngrúpaí a bhfuil rannpháirtíocht níos ísle **sa mhargadh saothair** acu a bhaint amach ar bhealach níos fearr, an lucht saothair atá ann cheana a athsciliú agus a uas-sciliú, soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas a éascú, chomh maith le **feabhas** a chur ar **dhálaí oibre agus ar tharraingteacht gairmeacha áirithe. Mar gheall ar** scála reatha na nganntanas sa mhargadh saothair agus na **dtreochtaí** déimeagrafacha, is dócha nach leor bearta **atá dírithe ar an** lucht saothair **baile** agus ar lucht saothair an Aontais amháin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ann **cheana** agus a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá an imirce dhleathach rithábachtach chun na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú agus ní mór di a bheith mar chuid den réiteach chun tacú go hiomlán leis an aistriú dúbailte.

chuige cuimsitheach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear, mar thosaíocht, acmhainneacht iomlán na ngrúpaí a bhfuil rannpháirtíocht níos ísle **i margadh an tsaothair** acu a bhaint amach ar bhealach níos fearr, an lucht saothair atá ann cheana a athsciliú agus a uas-sciliú **i gcomhréir le cuspóirí Bhliain Eorpach na Scileanna**, soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas a éascú, chomh maith le **dálaí oibre agus tarraingteacht gairmeacha beatha áirithe a fheabhsú. Thairis sin, ceapfar modúil oiliúna uas-scilithe agus athscilithe laistigh de na Comhpháirtíochtaí Tallann nó d'fhonn dul isteach sa Linn Tallainne agus rochtain iomlán ar chosaint shóisialta agus ar chearta oibríthe á gcur san áireamh, chomh maith le straitéisí chun imirce daoine oile ó thríú tíortha a chosc. Thairis sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chothromaíocht inscne a chur chun cinn, go háirithe i gclár staidéir nó oiliúna a bhaineann le réimsí ETIM. I ngeall ar scála reatha na nganntanas sa mhargadh saothair, cineál athraitheach na gcúilíochtaí agus na n-inniúlachtaí is gá agus na treochtaí déimeagrafacha, is dócha nach leor **na bearta lena ndírítear ar** lucht saothair **intíre** agus ar lucht saothair an Aontais amháin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ann **faoi láthair** agus a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá an imirce dhleathach rithábachtach chun na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú agus ní mór di a bheith mar chuid den réiteach chun tacú go hiomlán leis an aistriú dúbailte.**

## Leasú 3

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) Chun earcaíocht idirnáisiúnta a

AD\1300514GA.docx

5/41

*Leasú*

(3) Chun earcaíocht idirnáisiúnta a

PE758.197v02-00

éascú **agus chun** deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír **oibriú** i ngairmeacha **ina bhfuil ganntanas oibríthe** ar fud an Aontais, ba cheart Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh** a bhunú i bhfoirm **ardáin ar fud an Aontais** lena dtugtar le chéile **agus lena dtacaítear le meaitseáil** próifilí **cuardaitheoirí** poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais **fostaíochta fostóirí** atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.

## Leasú 4

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh** tacú leis na Ballstáit rannpháirteacha aghaidh a thabhairt ar scileanna agus **ar ghanntanais** saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo trí náisiúnaigh tríú tír a earcú **a mhéid nach leor gníomhachtú** an lucht saothair **baile** agus **na soghluaisteachta** laistigh den Aontas **chun an cuspóir sin a bhaint amach**. Mar uirlis dheonach chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise a thairiscint ar leibhéal an Aontais do na Ballstáit a bhfuil suim acu ann. Chuige sin, ba cheart comhlántacht agus idir-inoibritheacht le tionscnaimh agus ardáin náisiúnta atá ann cheana a áirithiú. Ba cheart riachtanais shonracha na mBallstát a chur san áireamh agus Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh á forbairt** chun an rannpháirtíocht is **forleithne** is féidir a áirithiú. Dá bhrí sin, is téarma cuimsitheach é "Tallann" a thagraíonn don réimse iomlán scileanna a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó mhargaí saothair na mBallstát.

éascú, deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír **a bheith ag obair** i ngairmeacha **atá gann** ar fud an Aontais, ba cheart Linn Tallainne an Aontais a bhunú i bhfoirm **ardán uile-Aontais** lena dtugtar le chéile próifilí **na gcuardaitheoirí** poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus **ó náisiúnaigh tríú tíortha atá ag staidéar san Aontas, agus lena dtacaítear le meaitseáil na bpróifilí sin, agus** folúntais **post d'fhostóirí** atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.

*Leasú*

(5) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais tacú leis na Ballstáit rannpháirteacha aghaidh a thabhairt ar **ghanntanais** scileanna agus saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo trí náisiúnaigh tríú tír a earcú **chun** an lucht saothair **intíre** agus **an tsoghluaisteacht** laistigh den Aontas **a chomhlánú**. Mar uirlis dheonach chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise a thairiscint ar leibhéal an Aontais do na Ballstáit a bhfuil suim acu ann. Chuige sin, ba cheart comhlántacht agus idir-inoibritheacht le tionscnaimh agus ardáin náisiúnta atá ann cheana a áirithiú, ba cheart riachtanais **agus tionscnaimh** shonracha na mBallstát a chur san áireamh agus Linn Tallainne an Aontais **á fhorbairt** chun an rannpháirtíocht is **leithne** is féidir a áirithiú. Dá bhrí sin, is téarma cuimsitheach é "Tallann" a thagraíonn don réimse iomlán scileanna a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó mhargaí saothair na mBallstát. **Leis an gcoincheap 'Tallann', ba cheart treochtaí a bhaineann le**

*riachtanais amach anseo a chur san áireamh freisin i dtéarmaí cáilíochtaí agus inniúlachtaí amhail éifeachtaí claochlaitheacha na teicneolaíochta (uathobriú, IS, róbataic) agus an claochlú digiteach agus glas.*

## Leasú 5

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh** seirbhísí a **sholáthar d'fhostóirí** atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha, gníomhaireachtaí oibre **sealadacha** agus idirghabhálaithe sa mhargadh saothair mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún 181 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ó 1997.

*Leasú*

(6) Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais seirbhísí a **chur ar fáil d'fhostóirí** atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha, **go háirithe chun tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus le gnólachtaí nuathionscanta**, lena n-áirítear gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha, gníomhaireachtaí oibre **sealadaí** agus idirghabhálaithe sa mhargadh saothair mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún 181 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ó 1997 **ar aghaidh**.

## Leasú 6

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Chun a áirithiú go **ndéanfar** ionadaíocht leordhóthanach ar údaráis na mBallstát i nGrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh**, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha **beirt** ionadaithe **an ceann** a cheapadh, **ionadaí** amháin ó na húdaráis fostaíochta agus ionadaí amháin ó na húdaráis **inimirce**.

*Leasú*

(8) Chun a áirithiú go **ndéantar** ionadaíocht leordhóthanach ar údaráis na mBallstát i nGrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha, **i gcomhordú, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis riaracháin ar an leibhéal iomchuí, triúr** ionadaithe a cheapadh **an duine, duine** amháin ó na húdaráis fostaíochta, **duine amháin ó na húdaráis inimirce**, agus ionadaí amháin ó na húdaráis **oideachais agus oiliúna. Ina**

*theannta sin, ba cheart ionadaithe ón Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP), ón bhFondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF), ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), agus ó ghníomhaireacht ar leibhéal an Aontais atá ag obair ar lánpháirtíú a chur san áireamh sa phainéal. Ba cheart do chomhpháirtithe sóisialta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint ar leibhéal an Aontais beirt rannpháirtithe ó cheardchumann agus beirt rannpháirtithe ó eagraíochtaí fostóirí a cheapadh chun páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Stiúrtha.*

## Leasú 7

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fhorbairt trí úsáid a bhaint as bonneagar TF atá faoi úinéireacht an Choimisiúin cheana a mhéid is féidir. D'fhéadfaí an bonneagar TF a forbraíodh faoi chuimsiú EURES a athúsáid i bpáirt le haghaidh ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an cainéal comhordaithe aonair agus an uirlis mheaitseála uathoibríthe le hoiriúnuithe ábhartha, lena n-áirítear chun "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh" a chur san áireamh go cuí.

## Leasú 8

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10

*Leasú*

(9) Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fhorbairt trí úsáid a bhaint as bonneagar TF atá faoi úinéireacht an Choimisiúin cheana a mhéid is féidir. D'fhéadfaí an bonneagar TF a forbraíodh faoi chuimsiú EURES a athúsáid i bpáirt le haghaidh ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an cainéal comhordaithe aonair agus an uirlis mheaitseála uathoibríthe le hoiriúnuithe ábhartha, lena n-áirítear chun "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh" a chur san áireamh go cuí. ***Ba cheart d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais sineirgí a chruthú idir na húdaráis oideachais, na húdaráis imirce agus na húdaráis fostaíochta.***



(10) Ba cheart sineirgí a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, idir ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maidir le rochtain ar ábhair oiliúna amhail Acadamh an Aontais agus an tAcadamh um Eoraip Idir-inoibritheach. Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur in oiriúint go tapa agus go rialta do chleachtais nua sa teicneolaíocht agus seirbhísí TF úrscothacha a sholáthar trí ghnéithe agus uirlisí nuálacha a thabhairt isteach.

(10) Ba cheart sineirgí a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, idir ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maidir le rochtain ar ábhair oiliúna amhail Acadamh an Aontais agus an tAcadamh um Eoraip Idir-inoibritheach. Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur in oiriúint go tapa agus go rialta do chleachtais nua sa teicneolaíocht agus seirbhísí TF úrscothacha a sholáthar trí ghnéithe agus uirlisí nuálacha a thabhairt isteach. ***Ba cheart faisnéis faoi na céimeanna agus an deimhniú a theastaíonn ó na Ballstáit rannpháirteacha a bheith san áireamh i Linn Tallainne TF an Aontais.***

## **Leasú 9**

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 11**

(11) Ba cheart formáid na bpróifílí cuardaitheoirí poist agus na bhfolúntas poist a bhunú trí úsáid a bhaint as an aicmiú Eorpach atá ann cheana maidir le gairmeacha beatha, scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí (ESCO) mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2016/589<sup>8</sup> lena bhforáiltear do théarmaíocht chaighdeánaithe le haghaidh gairmeacha beatha, scileanna agus inniúlachtaí agus lena n-éascaítear trédhearcacht scileanna agus cáilíochtaí. Ba cheart go dtacódh aicmiú ESCO le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, ó fhostóirí agus ó Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun faisnéis inchomparáide a sholáthar maidir le taithí oibre, gairmeacha a chumhdaítear le folúntas, chomh maith leis na scileanna a thairgeann na

(11) Ba cheart formáid na bpróifílí cuardaitheoirí poist agus na bhfolúntas poist a bhunú trí úsáid a bhaint as an aicmiú Eorpach atá ann cheana maidir le gairmeacha beatha, scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí (ESCO) mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2016/589<sup>8</sup> lena bhforáiltear do théarmaíocht chaighdeánaithe le haghaidh gairmeacha beatha, scileanna agus inniúlachtaí agus lena n-éascaítear trédhearcacht scileanna agus cáilíochtaí. Ba cheart go dtacódh aicmiú ESCO le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, ó fhostóirí agus ó Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun faisnéis inchomparáide a sholáthar maidir le taithí oibre, gairmeacha a chumhdaítear le folúntas, chomh maith leis na scileanna a thairgeann na

cuardaitheoirí poist agus a éilíonn na fostóirí, rud a chumasaíonn próiseas meaitseála ar ardchaighdeán. I gcás inarb infheidhme, ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh úsáid a bhaint as formáid ESCO chun folúntais poist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do na Ballstáit nach nglacann aicmiú ESCO le haghaidh folúntais náisiúnta poist táblaí mapála a tháirgeadh lena ndéantar comparáid idir an t-aicmiú a úsáidtear sna córais náisiúnta agus aicmiú ESCO ionas go mbeidh idir-inoibritheacht ann. Ba cheart na táblaí mapála a chur ar fáil don Choimisiún agus ba cheart iad a úsáid chun faisnéis maidir le folúntais phoist nó próifílí cuardaitheora poist a thraschódú go huathoibríoch chun críche meaitseála uathoibríthe tríd an ardán coiteann TF.

cuardaitheoirí poist agus a éilíonn na fostóirí, rud a chumasaíonn próiseas meaitseála ar ardchaighdeán. I gcás inarb infheidhme, ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh úsáid a bhaint as formáid ESCO chun folúntais poist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do na Ballstáit nach nglacann aicmiú ESCO le haghaidh folúntais náisiúnta poist táblaí mapála a tháirgeadh lena ndéantar comparáid idir an t-aicmiú a úsáidtear sna córais náisiúnta agus aicmiú ESCO ionas go mbeidh idir-inoibritheacht ann. Ba cheart na táblaí mapála a chur ar fáil don Choimisiún agus ba cheart iad a úsáid chun faisnéis maidir le folúntais phoist nó próifílí cuardaitheora poist a thraschódú go huathoibríoch chun críche meaitseála uathoibríthe tríd an ardán coiteann TF. ***Ba cheart céimeanna, gairmoideachas, saorálaíocht, taithí oibre, deimhniú scileanna agus inniúlachtaí a fuarthas san fhoghlaim neamhfhoirmiúil nó deimhniúthe sonracha amháil micridhintiúir a chur san áireamh freisin sa phróiseas meaitseála. Thairis sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha na deiseanna a chur ar fáil go leordhóthanach do chuardaitheoirí poist agus d'oibríthe atá ag gabháil don ardán teanga amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais nó an Bhallstáit a fhoghlaim.***

---

<sup>8</sup> Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibríthe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/589/oj>).

---

<sup>8</sup> Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibríthe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/589/oj>).

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Ba cheart tascanna a shannadh do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun feidhmeanna cuardaigh agus meaitseála ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ba cheart **na cúraimí sin** a mheas **mar chúraimí** a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail ar gá sonraí pearsanta a phróiseáil lena **bhfeidhmiú**, dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1725<sup>9</sup>, agus Airteagal 6(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2016/679<sup>10</sup>, faoi seach. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus **Rialachán** (AE) 2018/1725 agus **Rialachán** (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

<sup>9</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

<sup>10</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27

*Leasú*

(12) Ba cheart tascanna a shannadh do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun feidhmeanna cuardaigh agus meaitseála ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ba cheart a mheas **gur cúraimí iad sin** a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail, **cúraimí** ar gá sonraí pearsanta a phróiseáil **ar mhaithe** lena **ndéanamh**, dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1725<sup>9</sup>, agus **in** Airteagal 6(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2016/679<sup>10</sup>, faoi seach. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta, **lena n-áirítear an ceart chun príobháideachais agus, i gcás inarb iomchuí, an ceart chun anaithnídeachta i bhformáid Europass nó uirlis choiteann chomhchosúil de chuid an Aontais**, a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus **le Rialacháin** (AE) 2018/1725 agus (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

<sup>9</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

<sup>10</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27

Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

## Leasú 11

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Ba cheart an ceart a bheith ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha rogha a dhéanamh as roinnt roghanna teicniúla chun an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh, mar shampla, trí rochtain ar a gcuid sonraí teagmhála a shrianadh. Ba cheart próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh nár úsáideadh le tréimhse 2 bhliain a bhaint go huathoibríoch. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh, lena n-áirítear chun críche táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh.

## Leasú 12

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

*Leasú*

(14) Ba cheart an ceart a bheith ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha rogha a dhéanamh as roinnt roghanna teicniúla chun an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh, mar shampla, trí rochtain ar a gcuid sonraí teagmhála a shrianadh. ***Gan dochar don cheart rogha a dhéanamh, ba cheart formáid Europass nó uirlis choiteann chomhchosúil de chuid an Aontais a bheith neodrach agus ba cheart comhroinnt ainm, sloinne, inscne, aoise, tír thionscnaimh, seoladh agus náisiúntacht a eisiáil leis na roghanna réamhshocráithe maidir le sonraí pearsanta. Ba cheart*** próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh nár úsáideadh le tréimhse 2 bhliain a bhaint go huathoibríoch. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh, lena n-áirítear chun críche táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh.

(16) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh** rannchuidiú leis an gcuspóir imirce neamhrialta a dhíspreagadh, lena n-áirítear trí rochtain ar **bhealaí** dlíthiúla atá ann cheana a éascú. Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear cead isteach nó fanacht i mBallstát nó toirmeasc ar theacht isteach i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>11</sup>, níor cheart cead a bheith acu a bpróifilí a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ós rud é nach gceadófar dóibh teacht isteach agus fanacht san Aontas. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, sula gcláróidh siad a bpróifilí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, a dhearbhú nach bhfuil siad faoi réir diúltaithe faoi láthair dul isteach nó fanacht i mBallstát nó faoi réir toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais. Ba cheart faisnéis a sholáthar freisin faoi na hiarmhairtí a bhaineann le dearbhú bréagach a dhéanamh ina leith sin.

---

<sup>11</sup> Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj>).

(16) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais rannchuidiú leis an gcuspóir **maidir leis an nganntanas tallann agus cáilíochtaí a aithint agus a cheartú agus maidir leis an** imirce neamhrialta a dhíspreagadh, lena n-áirítear trí rochtain ar **chonairí** dlíthiúla atá ann cheana a éascú. Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear cead isteach nó fanacht i mBallstát nó toirmeasc ar theacht isteach i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>11</sup>, níor cheart cead a bheith acu a bpróifilí a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ós rud é nach gceadófar dóibh teacht isteach agus fanacht san Aontas. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, sula gcláróidh siad a bpróifilí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, a dhearbhú nach bhfuil siad faoi réir diúltaithe faoi láthair dul isteach nó fanacht i mBallstát nó faoi réir toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais. Ba cheart faisnéis a sholáthar freisin faoi na hiarmhairtí a bhaineann le dearbhú bréagach a dhéanamh ina leith sin.

---

<sup>11</sup> Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj>).

## **Leasú 13**

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17**

(17) *Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh próifíl a chruthú trí úsáid a bhaint as feidhmiúlacht tógálaí próifíle Europass lena gcumasaítear próifíl saor in aisce a chruthú agus na scileanna, na cáilíochtaí agus an taithí ábhartha eile a thuairisciú in aon suíomh slán amháin ar líne.*

(17) *Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh próifíl a chruthú trí úsáid a bhaint as feidhmiúlacht tógálaí phróifíl Europass<sup>12</sup> lenar féidir próifíl saor in aisce a chruthú agus na scileanna, na céimeanna, an gairmoideachas ábhartha, deimhniú na scileanna agus na n-inniúlachtaí a fuarthas san fhoghlaim neamhfhoirmiúil nó taithí oibre nó deimhnithe sonracha amhail micridhintiúir agus taithí eile in áit shlán amháin ar líne a thuairisciú. Chun éifeachtacht an phróisis sin a fheabhsú, tá sé rithábhachtach feachtacht a chur chun cinn i measc cuardaitheoirí poist maidir le formáid shimplithe Europass nó uirlisí coiteanna comhchosúla de chuid an Aontais.*

---

<sup>12</sup> Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2018/646/oj>).

---

<sup>12</sup> Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2018/646/oj>).

## Leasú 14

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(18) I gcás inar gá, ba cheart aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus do bhailíochtú scileanna cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha sna Ballstáit rannpháirteacha arna iarraidh sin don chuardaitheoir poist nó don fhostóir i gcomhréir leis an dlí agus leis na cleachtais náisiúnta, agus le haon chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear

Leasú

(18) I gcás inar gá, ba cheart aitheantas agus bailíochtú scileanna ón bhfoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil, agus ón taithí oibre, agus cáilíochtaí amhail céimeanna, dioplómaí gairmoideachais, nó deimhnithe sonracha, amhail micridhintiúir, cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a dhéanamh sna Ballstáit rannpháirteacha arna iarraidh sin

Socruithe *maidir le hAitheantas Frithpháirteach do cháilíochtaí* gairmiúla. Ba cheart cúnamh pearsantaithe agus faisnéis ar líne maidir le nósanna imeachta aitheantais agus bailíochtaithe atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta a bheith ar fáil in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh é a sholáthar.

*ag an gcuardaitheoir* poist nó *ag an bhfostóir* i gcomhréir leis an dlí *náisiúnta* agus leis na cleachtais náisiúnta, agus le haon chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Socruithe *Aitheantais Fhrithpháirtigh le haghaidh cáilíochtaí* gairmiúla. Ba cheart cúnamh pearsantaithe agus faisnéis ar líne maidir le nósanna imeachta aitheantais agus bailíochtaithe atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta a bheith ar fáil in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh é a sholáthar. *In éagmais nós imeachta aitheantais náisiúnta, ba cheart go mbeadh an linn ag brath ar chaighdeáin chomhchoiteanna chun cáilíochtaí a aithint bunaithe ar Choinbhinsiún UNESCO agus Chomhairle na hEorpa maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais a Aithint sa Réigiún Eorpach (Coinbhinsiún Aitheantais Liospóin) agus arna dtarraingt suas i gcomhar le Líonra Eorpach na Lárionad Faisnéise sa Réigiún Eorpach (ENIC) agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil san Aontas Eorpach (NARIC), Grúpa Comhairleach an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí (EQF AG), CEDEFOP agus ETF. Ba cheart Moladh CE C(2023)7700 final an 15 Samhain 2023 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnaigh tríú tír a chur i bhfeidhm.*

Leasú 15

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 19

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) I gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne, faigheann náisiúnaigh tríú tíortha roghnaithe tacaíocht *d' agus *do bhailíochtú scileanna* i gcreat arna fhorhnuiniú ag na*

*Leasú*

(19) I gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne, faigheann náisiúnaigh tríú tíortha roghnaithe tacaíocht *chun scileanna, céimeanna, gairmoideachas, deimhniú scileanna,*

Ballstáit **a ghlacann páirt** i gComhpháirtíocht Tallainne agus i dtíortha comhpháirtíochta. Dá bhrí sin, ba cheart na scileanna a **forbraíodh** nó a **bailíochtaíodh** faoi chuimsiú **Comhpháirtíochta Tallann** a dheimhniú le ‘pas Comhpháirtíochta **Tallann** an Aontais’ atá le feiceáil i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh**. Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bheith in ann próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a scagadh chun iad siúd a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne an Aontais Eorpaigh" faighte acu a léirshamhlú. D'fhéadfadh sé sin fostóirí a spreagadh chun socrúchán poist a thairiscint san Aontas. Ba cheart do na Ballstáit, faoi chuimsiú Comhpháirtíochta Tallainne, na coinníollacha a chinneadh maidir le "pas Chomhpháirtíochta Tallainne an Aontais Eorpaigh" a eisiúint chun críche Linne Tallann an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear ar cheart d'údarás náisiúnta tíre comhpháirtíochta, d'eagraíocht idirnáisiúnta nó do pháirithe leasmhara eile tacú lena sheachadadh. Tá eisiúint "pas comhpháirtíochta tallainne an Aontais Eorpaigh" gan dochar do rialacha Eorpacha agus náisiúnta maidir le rochtain ar ghairmeacha rialáilte.

**inniúlachtaí a fuarthas san fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus taithí oibre nó deimhniithe sonracha, amhail micridhintiúir, a** fhorbairt agus a bhailíochtú i gceart arna fhorghuiniú ag na Ballstáit **atá rannpháirteach** i gComhpháirtíocht Tallainne agus i dtíortha comhpháirtíochta. Dá bhrí sin, ba cheart na scileanna **agus an t-oideachas, a fhaightear san fhoghlaim fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil, nó trí thaithí oibre, a fhorbraítear nó a bhailíochtaítear** faoi chuimsiú **Comhpháirtíocht Tallainne, a** dheimhniú le ‘Pas Comhpháirtíochta **Tallainne** an Aontais’, **rud** atá le feiceáil i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bheith in ann próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a scagadh chun iad siúd a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne an Aontais Eorpaigh" faighte acu a léirshamhlú. D'fhéadfadh sé sin fostóirí a spreagadh chun socrúchán poist a thairiscint san Aontas. Ba cheart do na Ballstáit, faoi chuimsiú Comhpháirtíochta Tallainne, na coinníollacha a chinneadh maidir le "pas Chomhpháirtíochta Tallainne an Aontais Eorpaigh" a eisiúint chun críche Linne Tallann an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear ar cheart d'údarás náisiúnta tíre comhpháirtíochta, d'eagraíocht idirnáisiúnta nó do pháirithe leasmhara eile tacú lena sheachadadh. Tá eisiúint "pas comhpháirtíochta tallainne an Aontais Eorpaigh" gan dochar do rialacha Eorpacha agus náisiúnta maidir le rochtain ar ghairmeacha rialáilte.

**Leasú 16**

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 22**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabail Cholún Eorpach na gCeart

PE758.197v02-00

*Leasú*

(22) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabail Cholún Eorpach na gCeart

16/41

AD\1300514GA.docx



Sóisialta maidir **le gach gníomhaíocht** a dhéantar i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh**, go háirithe maidir leis an gceart chun cóir chothrom chomhionann a fháil i ndáil le dálaí oibre, **le** pá íosta, **le** rochtain ar chosaint shóisialta, **le hoiliúint** agus **le** cosaint daoine óga ag an obair. I gcomhréir leis na prionsabail sin, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh** fostaíocht **ardchaighdeáin** a áirithiú.

Sóisialta maidir **leis na gníomhaíochtaí uile** a dhéantar i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais, go háirithe maidir leis an gceart chun cóir chothrom **agus** chomhionann a fháil i ndáil le dálaí oibre, pá íosta, rochtain ar chosaint shóisialta **agus cuimsiú sóisialta, oiliúint, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil**, agus cosaint daoine óga ag an obair. I gcomhréir leis na prionsabail sin, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais fostaíocht **ardcháilíochta** a áirithiú, **le pá comhionann as cáilíocht chomhionann, as tallann chomhionann agus as obair chomhionann agus as urraim don chomhionannas inscne.**

## Leasú 17

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 24

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(24) Chun meaitseáil **ardchaighdeáin** a áirithiú, ba cheart do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain a fháil ar liosta de phróifílí **cuardaitheoirí poist** agus d'fholúntais phoist **chláraithe** atá molta bunaithe ar ábharthacht a scileanna, a **gcáilíochtaí** agus a **dtaithe oibre don fholúntas poist**. Gintear an liosta le huirlis mheaitseála uathoibríthe ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

(24) Chun meaitseáil **ardcháilíochta** a áirithiú, ba cheart do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain a fháil ar liosta de phróifílí agus d'fholúntais phoist atá molta **do chuardaitheoirí poist** bunaithe ar ábharthacht a scileanna **agus a gcáilíochtaí, a gcéimeanna, a ngairmoideachas, a scileanna** agus a **n-inniúlachtaí a fuarthas san fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus taithe oibre nó deimhnithe sonracha amhail micridhintiúir — agus taithe oibre le haghaidh an fholúntais; níor cheart próifílí a bheith bunaithe ar shonraí pearsanta, eadhon ainm, sloinne, inscne, aois, seoladh, tír thionscnaimh agus náisiúntacht**. Gintear an liosta le huirlis mheaitseála uathoibríthe ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

## Leasú 18

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 25 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(25 a) Ba cheart go n-éascódh Linn Tallainne an Aontais rochtain do dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí agus na hinniúlachtaí is gá acu agus atá leochaileach d'eisiamh amhail mná, daoine faoi mhíchumas nó daoine ó mhionlaigh.**

## Leasú 19

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 26

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(26) Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena feidhmiú a chur ar fáil go héasca do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus d'fhostóirí, go háirithe maidir le faisnéis faoi na húdaráis inniúla sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

(26) Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena feidhmiú a chur ar fáil go héasca do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus d'fhostóirí, go háirithe **d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí nuathionscanta, go háirithe** maidir le faisnéis faoi na húdaráis inniúla sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. **Ba cheart do na húdaráis náisiúnta feabhas a chur ar a gcumas aitheantas cáilíochtaí agus inniúlachtaí a shimpliú agus a bhrostú agus tacaíocht agus faisnéis ábhartha a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír agus d'údaráis aitheantais.**

## Leasú 20

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 26 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(26 a) Is féidir le comhar le tríú tíortha, le húdaráis agus le soláthraithe oideachais malartú faisnéise agus aithint agus bailíochtú cáilíochtaí a éascú.**

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 27**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(27) Ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais **Eorpaigh** a áirithiú go mbeidh faisnéis atá inrochtana go héasca maidir le nósanna imeachta inimirce, aitheantas **do cháilíochtaí** agus bailíochtú scileanna, cearta náisiúnach tríú tír, dálaí maireachtála agus oibre chomh maith **leis na** sásraí sásaimh atá ar fáil **do chásanna** dúshaothraithe saothair agus **do chleachtais** earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun go bhféadfar í a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart faisnéis ar líne faoi thacaíocht atá ar fáil do chuardaitheoirí poist a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus atá i dtríú tíortha a bheith ar fáil freisin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí a áireamh **ar bhearta** tacaíochta **a chuir** na Ballstáit **i bhfeidhm** feachtais shonracha faisnéise, tacaíocht chun doiciméad taistil a fháil, agus tacaíocht **chomhtháthaithe nuair a thagann siad.**

(27) Ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais a áirithiú go mbeidh faisnéis atá inrochtana go héasca maidir le nósanna imeachta inimirce, aitheantas agus bailíochtú **céimeanna agus cáilíochtaí eile**, scileanna **agus inniúlachtaí gairmoideachais ó fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus taithí oibre nó deimhniúthe sonracha amhail micridhintiúir**, cearta náisiúnach tríú tír, dálaí maireachtála agus oibre chomh maith **le** sásraí sásaimh atá ar fáil, **i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, le haghaidh cásanna** dúshaothraithe saothair agus **cleachtais** earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun go bhféadfar í a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart faisnéis ar líne faoi thacaíocht atá ar fáil do chuardaitheoirí poist a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus atá i dtríú tíortha a bheith ar fáil freisin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí a áireamh **i mbearta** tacaíochta **arna gcur i bhfeidhm ag** na Ballstáit feachtais shonracha faisnéise, **fiú i**

*dteangacha tríú tír, tacaíocht chun doiciméad taistil a fháil, agus tacaíocht lánpháirtíochta ar theacht isteach dóibh, aistriúcháin nó cineálacha eile tacaíochta chun rochtain ar na hiarratais a éascú.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 27 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(27 a) Agus faireachán á dhéanamh ar Linn Tallainne an Aontais, ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais ionchur eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus ionchur na gcomhpháirtithe sóisialta i mBallstáit rannpháirteacha an Aontais agus i dtríú tíortha araon a chur san áireamh.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 27 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(27 b) Daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, is linn tearcúsáidte iad den chuid is mó de thallann agus inniúlachtaí féideartha a d'fhéadfadh freagairt do riachtanais na bhfostóirí. Áiritheofar leis an nós imeachta nach n-úsáidfear comhroinnt sonraí teagmhála le haghaidh mí-úsáid a d'fhéadfadh tríú tíortha a bhaint as. Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais foráil a dhéanamh freisin maidir le conairí chun scileanna, cáilíochtaí agus spreagadh daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a ghíaráil, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar an nganntanas scileanna agus saothair*

*san Aontas. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir aghaidh a thabhairt ar ghanntanais an Aontais ar thaobh amháin, agus cúnamh do dhídeanaithe, d'iarrthóirí tearmainn agus d'imircigh ar an taobh eile. Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rannchuidiú le margadh saothair cothrom cuimsitheach a áirithiú ar fud Bhallstáit an Aontais, margadh ina mbeidh comhdheiseanna agus cearta do chách. Ina theannta sin, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar obair neamhdhearbhaithe agus ar dhúshaothrú saothair agus ar mhí-úsáid saothair.*

## **Leasú 24**

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 28**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla na mBallstát rannpháirteach ar a laghad.

*Leasú*

*(28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais a chur ar fáil ar a laghad i dteangacha oifigiúla uile na mBallstát rannpháirteach agus, nuair is féidir, i dteangacha ábhartha eile le haghaidh neamhnáisiúnaigh de chuid an Aontais.*

## **Leasú 25**

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 30**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*(30) Arna iarraidh sin ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ag fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne*

*Leasú*

*(30) Arna iarraidh sin ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ag fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne*

*an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise a sholáthar. Ba cheart a áireamh ar thacaíocht bhreise faisnéis shaincheaptha maidir le víosaí ábhartha agus ceadanna cónaithe chun críocha oibre sa Bhallstát rannpháirteach lena n-áirítear maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír amhail rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas agus tithíocht. Féadfar treoir shonrach agus faisnéis shonrach a sholáthar freisin maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta bhaill teaghlaigh, agus bearta atá ann cheana chun comhtháthú a éascú sa Bhallstát óstach amhail cúrsaí teanga agus gairmoiliúint. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin freisin na sásraí sásaimh atá ar fáil do chásanna dúshaothraithe saothair agus do chleachtas earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis a sholáthar d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí a bhaineann le slándáil shóisialta, le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, le cánachas, le saincheisteanna a bhaineann le conarthaí oibre, le teidlíochtaí pinsin agus le hárachas sláinte.*

*an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise a sholáthar. Ba cheart a áireamh ar thacaíocht bhreise faisnéis shaincheaptha maidir le víosaí agus ceadanna cónaithe ábhartha chun críocha oibre sa Bhallstát rannpháirteach lena n-áirítear maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír amhail rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, deiseanna oideachais agus oiliúna, agus tithíocht. Féadfar treoir shonrach agus faisnéis shonrach a sholáthar freisin maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta ball teaghlaigh, agus maidir le bearta atá ann cheana chun lánpháirtíú sa Bhallstát óstach a éascú amhail cúrsaí teanga agus gairmoiliúint, agus béim ar leith a leagan ar ghné na hinscne agus ar dhaoine a thagann ó chúla faoi mhíbhuntáiste. Ba cheart a áireamh ar an bhfaisnéis sin freisin sásraí sásaimh atá ar fáil le haghaidh cásanna dúshaothraithe saothair agus cleachtas earcaíochta éagórach sna Ballstáit rannpháirteacha, le rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta ábhartha. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis a sholáthar d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí a bhaineann le slándáil shóisialta, le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, le cánachas, le saincheisteanna a bhaineann le conarthaí oibre, le teidlíochtaí pinsin agus le hárachas sláinte.*

Leasú 26

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 31**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(31) Chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart a áirithiú go**

PE758.197v02-00

*Leasú*

**(31) Chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart a áirithiú go**

22/41

AD\1300514GA.docx

*ndéanfar acquis an Aontais maidir le himirce dhleathach a chur chun feidhme go héifeachtach. Ina theannta sin, chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla d'fhostóirí, féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le bac a chur ar víosaí agus ar cheadanna cónaithe chun críocha oibre agus maidir le díolúine ó phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais. D'fhéadfaí cur chun feidhme nósanna imeachta inimirce luathaithe a phlé i gcomhthéacs Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe chun tacú le malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát.*

*ndéanfar acquis an Aontais maidir le himirce dhleathach a chur chun feidhme go héifeachtach. Ina theannta sin, chun earcú mac léinn ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu san Aontas agus cuardaitheoirí poist ó thríú tír atá ina gcónaí lasmuigh den Aontas a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla d'fhostóirí, féadfaidh Ballstáit rannpháirteacha nósanna imeachta inimirce brostaithe a chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil chun críocha oibre agus maidir le díolúine ó phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais. D'fhéadfaí cur chun feidhme nósanna imeachta inimirce luathaithe a phlé i gcomhthéacs Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe chun tacú le malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát.*

## **Leasú 27**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus fostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

*Leasú*

(c) na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, náisiúnaigh tríú tír atá ag staidéar san Aontas agus fostóirí;

## **Leasú 28**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhaineann tairbhe as Comhpháirtíocht Tallainne a éascú.

*Leasú*

(d) éascú a dhéanamh ar earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhaineann tairbhe as Comhpháirtíocht

Tallainne, agus aird ar leith á tabhairt ar ghné na hinscne, go háirithe i gcláir staidéir nó oiliúna a bhaineann le réimsí ETIM.

## Leasú 29

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus maidir le fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.**

*Leasú*

**1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá ina gcónaí lasmuigh den Aontas, náisiúnaigh tríú tír atá ag staidéar san Aontas agus fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.**

## Leasú 30

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe -1 (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(-1) Ciallaíonn ‘Linn Tallainne’ uirlis chuimsitheach lena ndírítear ar phróifílí ardoilte, meánoilte agus ísealoilte ó thríú tíortha. Cumhdóidh an Linn Tallainne na hearnálacha do thalann ar bheagán oiliúna, meánmhéide agus ardoilte, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta;**

*Leasú*

**(-1) Ciallaíonn ‘Linn Tallainne’ uirlis chuimsitheach lena ndírítear ar phróifílí ardoilte, meánoilte agus ísealoilte ó thríú tíortha. Cumhdóidh an Linn Tallainne na hearnálacha do thalann ar bheagán oiliúna, meánmhéide agus ardoilte, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta;**

## Leasú 31

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(2) ciallaíonn “cuardaitheoir poist ó thríú tír” duine a bhfuil cónaí air nó uirthi**

*Leasú*

**(2) ciallaíonn ‘cuardaitheora poist ó thríú tír’ duine, a bhfuil cónaí air nó**



lasmuigh den Aontas nach saoránach de chuid an Aontais é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus a bhfuil fostaíocht á lorg aige nó aici san Aontas;

*uirthi lasmuigh den Aontas agus nach saoránach den Aontas é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE, ag cur san áireamh staid mhic léinn, nó taighdeoirí náisiúnaigh tríú tír, agus atá ag lorg fostaíochta san Aontas; ba cheart cead a bheith ag na grúpaí thuasluaite a bheith rannpháirteach gan filleadh ar a dtír thionscnaimh;*

## **Leasú 32**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(2 a) ciallaíonn ‘mac léinn nó taighdeoir ar náisiúnach tríú tír é nó í san Aontas’ duine a bhfuil cónaí air san Aontas ag a bhfuil víosa mic léinn nó taighde, nach saoránach den Aontas é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1);*

## **Leasú 33**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 2 – pointe f a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(f a) Clár Ambasadóirí Cultúrtha a thabhairt isteach a rachaidh i dteagmháil le daoine aonair ó thríú tíortha, a d’éirigh leo lánpháirtíú i bhfórsa saothair an Aontais, chun a dtaithe a roinnt agus daoine eile a spreagadh chun an Aontas a mheas mar cheann scribe fostaíochta;*

## **Leasú 34**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áireofar i bpróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ainm, sloinne, sonraí teagmhála, dáta breithe agus náisiúntacht, faisnéis faoi cháilíochtaí acadúla agus gairmiúla, taithí oibre, scileanna eile agus eolas teanga. Áireofar ainm, sloinne agus sonraí teagmhála i bhfolúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

3. Áireofar i bpróifílí na gcuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha an t-ainm, an sloinne, na sonraí teagmhála, an dáta breithe agus an náisiúntacht, faisnéis maidir le cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla, céimeanna, gairmoideachas, eolas ar theangacha, saorálaíocht nó taithí oibre, deimhniú scileanna agus inniúlachtaí a sealbhaíodh san fhoghlaim neamhfhoirmiúil, nó deimhnithe sonracha amhail micridhintiúir, taithí oibre, scileanna eile agus eolas teanga. Áireofar ainm, sloinne agus sonraí teagmhála i bhfolúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 6 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus folúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar fáil le haghaidh cuardach agus meaitseáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

**7. *Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus folúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar fáil le haghaidh cuardach agus meaitseáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Le linn an phróisis meaitseála, soláthróidh an t-ardán TF formáid neodrach Europass nó uirlis choiteann chomhchosúil de chuid an Aontais lena n-eisiatar sonraí pearsanta amhail ainm, sloinne, inscne, aois, tír thionscnaimh, náisiúntacht agus seoladh. Ní bheidh aon chineál idirdhealaithe ná claontachta mar thoradh ar chuardaigh agus meaitseálacha tríd an ardán TF.***

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 6 – mír 9**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**9. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha breise maidir leis na sonraí pearsanta atá le próiseáil agus atá le háireamh i bhformáidí na bhfolúntas poist agus na bpróifílí cuardaitheoirí poist, freagrachtaí rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear rialacha lena rialaítear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as próiseálaí sonraí nó próiseálaithe sonraí, chomh maith leis na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus an rogha atá ar fáil do chuardaitheoirí poist cláraithe srian a chur ar an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).**

*Leasú*

**9. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha breise maidir leis na sonraí pearsanta atá le próiseáil agus atá le háireamh i bhformáidí na bhfolúntas poist agus na bpróifílí cuardaitheoirí poist, freagrachtaí rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear rialacha lena rialaítear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as próiseálaí sonraí nó próiseálaithe sonraí, chomh maith leis na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus an rogha atá ar fáil do chuardaitheoirí poist cláraithe srian a chur ar an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3) i gcomhréir le formáid neodrach Europass nó le huirlis choiteann chomhchosúil de chuid an Aontais, seachas sonraí pearsanta amhail ainm, sloinne, inscne, aois, tír thionscnaimh, náisiúntacht agus seoladh.**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 8 – mír 2 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(e) sonraí ábhartha a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 20;**

*Leasú*

**(e) sonraí ábhartha a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 20, lena n-áirítear, más gá, comhairliúcháin le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta;**

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 9 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(b) tacaíocht a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i dtaobh phleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;**

*Leasú*

(b) tacaíocht a chur ar fáil do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir le gníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais a phleanáil agus a chomhordú, lena n-áirítear malartuithe agus sineirgí le húdaráis oideachais agus soghluaisteachta saothair laistigh den Aontas a éascú;

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 9 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**2. Is iad na Ballstáit rannpháirteacha amháin a bheidh ina mbaill de Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh páirt a ghlacadh i gcrúinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar bhreathnóirí.**

*Leasú*

2. Is iad na Ballstáit rannpháirteacha amháin a bheidh ina mbaill de Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe ó údaráis oideachais agus deimhniúcháin ó thríú tíortha tionscnaimh páirt a ghlacadh i gcrúinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais mar bhreathnóirí.

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 9 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**4. Beidh sé de cheart ag ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an**

*Leasú*

**4. Beidh sé de cheart ag ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an**

*Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó cheardchumann agus ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó eagraíochtaí fostóirí a áirithiú. Síneoidh na hionadaithe sin ráiteas i scríbhinn á dhearbhu nach bhfuil siad i staid coinbhleachta leasa.*

*Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Áiritheoidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais ionadaíocht ar bheirt rannpháirtithe ar a laghad ó cheardchumann agus ar bheirt rannpháirtithe ó eagraíochtaí fostóirí. Ina theannta sin, áireofar sa ghrúpa, mar bhreathnóirí, ionadaí amháin ó na hinstiúidí oideachais ar leibhéal an Aontais, ionadaí amháin ó CEDEFOP, ionadaí amháin ó ETF agus ionadaí amháin ó údarás an Aontais atá i gceannas ar lánpháirtiú. Féadfar cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta a bhfuil saineolas ábhartha acu i réimsí oideachais agus oiliúna páirt a ghlacadh. Síneoidh na hionadaithe sin ráiteas i scríbhinn á dhearbhu nach bhfuil siad i staid coinbhleachta leasa.*

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 10 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*1. Ainmneoidh gach Ballstát rannpháirteach Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go gceapfar údaráis ábhartha ó réimse na fostaíochta agus na hinimirce mar Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 10 – mír 2 – pointe b**

*Leasú*

*1. Ainmneoidh gach Ballstát rannpháirteach Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go ndéanfar údaráis ábhartha ó réimse na fostaíochta, na hinimirce agus an oideachais agus na hoiliúna a cheapadh mar Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le húdaráis inniúla eile.*

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) folúntais phoist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tríd an gcainéal comhordaithe aonair agus meaitseáil idir cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a éascú;

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 11 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. ***Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bpróifílí a chruthú trí thógálaí próifíle Europass chun clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.***

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 11 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. ***Beidh rochtain ar phróifíl a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh teoranta do dhaoine a dhearbhaíonn go sainráite nach bhfuil siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear dul isteach nó fanacht i mBallstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta nó le toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE.***

*Leasú*

(b) ***folúntais phoist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tríd an gcainéal comhordaithe aonair agus meaitseáil idir cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a éascú, ag baint úsáid as nósanna imeachta simplí;***

*Leasú*

1. ***Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bpróifílí a chruthú trí leagan simplithe den Europass nó trí uirlis choiteann eile de chuid an Aontais chun clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.***

*Leasú*

2. ***Beidh rochtain ar phróifíl a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh teoranta do dhaoine a dhearbhaíonn go sainráite nach bhfuil siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear dul isteach nó fanacht i mBallstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta nó le toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE. *Áiritheoidh na húdaráis próiseas chun na cáilíochtaí agus na hinniúlachtaí a sholáthraítear a fhíorú.****

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 11 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Beidh próifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le feiceáil ag fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

3. Beidh próifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le feiceáil ag fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. ***Ní nochtfaidh an chéim mheaitseála, trí fhormáid neodrach Europass, nó trí uirlis choiteann chomhchosúil de chuid an Aontais, sonraí pearsanta cuardaitheoirí poist amhail ainm, sloinne, inscne, aois, tír thionscnaimh, náisiúntacht agus seoladh.***

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 11 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4 a. *Áiritheofar leis an nós imeachta nach n-úsáidfear comhroinnt cáilíochtaí agus sonraí deimhniúcháin le haghaidh mí-úsáid a d'fhéadfadh tríú tíortha a bhaint astu.*

*Leasú*

4 a. ***Áiritheofar leis an nós imeachta nach n-úsáidfear comhroinnt cáilíochtaí agus sonraí deimhniúcháin le haghaidh mí-úsáid a d'fhéadfadh tríú tíortha a bhaint astu.***

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 12 – mír 3 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

***(b) an cháilíocht a baineadh amach agus scileanna an náisiúnaigh tríú tír a bailíochtaíodh i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta Tallainne, lena n-áirítear scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann le gairm shonrach, scileanna teanga, nó scileanna agus inniúlachtaí a***

*Leasú*

***(b) an cháilíocht a fuarthas agus scileanna an náisiúnaigh tríú tír a bailíochtaíodh i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta Tallainne, lena n-áirítear na scileanna agus na hinniúlachtaí a gnóthaíodh san fhoghlaim neamhfhoirmiúil nó mar chuid***

***bhaineann le comhtháthú i mBallstát amháin nó níos mó;***

***den taithí oibre, agus teastais shonracha amhail micridhintiúir a bhaineann le gairm shonrach, scileanna teanga, nó inniúlachtaí lena n-éascaítear a lánpháirtíú i mBallstát amháin nó níos mó;***

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 12 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléid a ghlacadh maidir le formáid "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh". Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá tagraítear in Airteagal 22(2).

*Leasú*

***4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléid a ghlacadh maidir le formáid "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh". Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá tagraítear in Airteagal 22(2). Beidh feidhm ag Moladh CE C(2023)7700 final an 15 Samhain 2023 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnaigh tríú tír.***

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 12 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh, faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne ábhartha, infheictheacht ***próifíilí cuardaitheoirí*** poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne ***AE*** Eorpaigh" faighte acu ***a theorannú***, ar feadh uastréimhse bliana, d'fhostóirí atá bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne chéanna sin. Foilseoidh

*Leasú*

***6. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh, faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne ábhartha, infheictheacht ***phróifíilí na gcuardaitheoirí*** poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil 'Pas Comhpháirtíochta Tallainne ***an Aontais*** Eorpaigh' faighte acu, ar feadh uastréimhse bliana, ***a theorannú*** d'fhostóirí atá bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó ***agus*** atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne chéanna sin ***ar******



Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na míre sin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

***an tuiscint go bhfaigheann na cuardaitheoirí poist cláraithe tairiscintí nithiúla, lena n-áirítear modúil oideachais agus oiliúna sna Ballstáit lena mbaineann.*** Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na míre sin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

## **Leasú 50**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1 a. Spreagfar fostóirí chun acmhainní a leithdháileadh le haghaidh cláir oiliúna teanga do chuardaitheoirí poist, chun tuiscint chultúrtha a chothú agus chun cuimsitheacht a chur chun cinn.***

## **Leasú 51**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Comhlíonfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta chun cosaint náisiúnach tríú tír i gcoinne earcaíocht éagórach agus dálaí oibre neamhleora a áirithiú chomh maith le neamh-idirdhealú. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha coinníollacha breise a thabhairt isteach maidir le rannpháirtíocht na bhfostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go gcomhlíonfar cleachtais náisiúnta ábhartha eile, comhaontuithe comhchoiteanna agus na prionsabail agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta*

Comhlíonfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta chun cosaint náisiúnach tríú tír i gcoinne earcaíocht éagórach agus dálaí oibre neamhleora a áirithiú chomh maith le neamh-idirdhealú agus comhionannas inscne. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha coinníollacha breise a thabhairt isteach maidir le rannpháirtíocht na bhfostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go gcomhlíonfar cleachtais náisiúnta ábhartha eile, comhaontuithe comhchoiteanna agus na prionsabail agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an

*Saothair, i gcomhréir le dlí an Aontais.*

Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, i gcomhréir le dlí an Aontais.

## **Leasú 52**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**6 a. Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun a áirithiú go soláthróidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus meaitseáil cáilíochtaí agus inniúlachtaí na coinníollacha maidir le cóir chomhionann, dálaí oibre cuibhiúla, cearta saothair agus ceardchumainn chomh maith le rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte.**

## **Leasú 53**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Féadfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe molta arna nginiúint ag an uirlis mheaitseála uathoibríoch agus bunaithe ar ábharthacht a scileanna, a gcáilíochtaí agus a dtaithí oibre don fholúntas poist.

Féadfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe molta arna nginiúint ag an uirlis mheaitseála uathoibríoch agus bunaithe ar ábharthacht a scileanna **agus a n-iniúlachtaí**, a gcáilíochtaí **foirmiúla, seachfhoirmiúla** agus **neamhfoirmiúla**, a **ngairmoideachas, a gcéimeanna nó a ndeimhnithe sonracha ('micridhintiúir')** agus a dtaithí oibre don fholúntas poist.

## **Leasú 54**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4 a. *Feasacht mhéadaithe a spreagadh i measc ollscoileanna maidir le Linn Tallainne an Aontais, agus béim á leagan ar an acmhainneacht atá ag taighdeoirí agus mic léinn ar náisiúnaigh tríú tír iad iarratas a dhéanamh.*

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 16 – mír 4 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4 b. *A áirithiú go dtabharfar aird fhabhrach ar dhaoine aonair a ghlac páirt i gcláir shoghluaisteachta Erasmus+ sa phróiseas meaitseála trí aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí a fuarthas trí chláir Erasmus+ mar shócmhainní luachmhara laistigh de Linn Tallainne an Aontais.*

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 17 – mír 1 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus maidir lena feidhmiú ar fáil go héasca.*

*Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus feidhmiú Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar fáil go héasca agus áiritheoidh siad go gcuirfear chun cinn í.*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 17 – mír 1 – fómhír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) faisnéis *maidir* le nósanna imeachta earcaíochta agus inimirce, aitheantas *do*

(a) faisnéis *a bhaineann* le nósanna imeachta earcaíochta agus inimirce,

**cháilíochtaí** agus bailíochtú scileanna, cearta náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear maidir leis na sásraí sásaimh atá ar fáil chomh maith le faisnéis maidir le dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit rannpháirteacha;

aitheantas **cáilíochtaí** agus bailíochtú scileanna **agus inniúlachtaí, gairmoideachas, céimeanna nó teastais shonracha (“micridhintiúir”)**, cearta náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear maidir leis na sásraí sásaimh atá ar fáil chomh maith le faisnéis maidir le dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit rannpháirteacha;

## Leasú 58

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 17 – mír 2 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) faisnéis shonrach maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír lena n-áirítear rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas, tithíocht, **aitheantas do cháilíochtaí** agus an sásra **gearán** de bhun Airteagal 18;

*Leasú*

(c) faisnéis shonrach maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír lena n-áirítear rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas, **oiliúint, tithíocht, cáilíochtaí a aithint, foghlaim sheachfhoirmiúil** agus **neamhfhoirmiúil a dheimhniú, gairmoideachas, céimeanna nó teastais shonracha (“micridhintiúir”)** agus an sásra **um ghearáin** de bhun Airteagal 18;

## Leasú 59

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 17 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás inarb ábhartha, tarchuirfidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh iarrataí ar fhaisnéis, ar threoir agus ar thacaíocht chuig údaráis inniúla náisiúnta eile agus, más infheidhme, chuig comhlachtaí iomchuí eile ar an leibhéal náisiúnta lena dtacaítear le comhtháthú náisiúnach tríú tír ar an margadh saothair.

*Leasú*

3. I gcás inarb ábhartha, tarchuirfidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh iarrataí ar fhaisnéis, ar threoir agus ar thacaíocht chuig údaráis inniúla náisiúnta eile agus, más infheidhme, chuig comhlachtaí iomchuí eile ar an leibhéal náisiúnta lena dtacaítear le comhtháthú náisiúnach tríú tír ar an margadh saothair **agus bunóidh siad sásraí leantacha chun faireachán a dhéanamh ar cibé ar cuireadh an cúnamh a theastaíonn ón gcuardaitheoir poist nó**

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 20 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Bunóidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an bailiúchán sonraí de réir na gcoincheap agus na sainmhínithe staidrimh agus malartóidh sí faisnéis agus sonraí leis an gCoimisiún chun críche cáilíocht na sonraí arna mbailiú faoin Rialachán seo agus táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh.

*Leasú*

2. Bunóidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an bailiúchán sonraí de réir na gcoincheap agus na sainmhínithe staidrimh agus malartóidh sí faisnéis agus sonraí leis an gCoimisiún chun críche cáilíocht na sonraí arna mbailiú faoin Rialachán seo agus táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh **agus tabharfar aird ar leith ar shonraí imdhealaithe de réir catagóirí amhail inscne, míchumas agus aois.**

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3 a. Ba cheart tuarascáil ar an bhfeidhmíocht agus achoimre ar shonraí comhiomlánaithe Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil go poiblí ar bhonn rialta.**

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 23 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Faoin **31.12.2031** agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na

*Leasú*

1. Faoin **31.12.2030** agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na

hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le  
cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le  
cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

<b>Eintiteas agus/nó duine</b>
An Chomhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus um Dheoraithe

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	LENA mBUNAÍTEAR LINN TALLAINNE AN AONTAIS EORPAIGH
<b>Tagairtí</b>	COM(2023)0716 – C9-0413/2023 – 2023/0404(COD)
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	LIBE 8.2.2024
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	CULT 8.2.2024
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	João Albuquerque 16.1.2024
<b>Pléite sa choiste</b>	24.1.2024
<b>Dáta an ghlactha</b>	11.3.2024
<b>Toradh na vótála chríochnaithí</b>	+: 20 –: 5 0: 0
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Asim Ademov, Andrea Bocskor, Ilana Cicurel, Tomasz Frankowski, Catherine Griset, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Martina Michels, Victor Negrescu, Peter Pollák, Diana Riba i Giner, Marcos Ros Sempere, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Milan Zver
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	João Albuquerque, Ibán García Del Blanco, Rob Rooker, Salima Yenbou
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Magdalena Adamowicz, Angelika Winzig



## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

20	+
PPE	Magdalena Adamowicz, Asim Ademov, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Angelika Winzig
Renew	Ilana Cicurel, Irena Joveva, Monica Semedo, Salima Yenbou
S&D	João Albuquerque, Ibán García Del Blanco, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Smeriglio
The Left	Martina Michels
Verts/ALE	Diana Riba i Giner

5	-
ECR	Rob Rooken, Andrey Slabakov
ID	Catherine Griset
NI	Andrea Bocskor
PPE	Milan Zver

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh